Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Fómhar 2007

1-03-2007

Cuairteoirí Éirimiúla ó Éirinn i Láthair ag an Daonscoil

Fáiltím roimh gach éinne go dtí an chéad té-arma i mbliana. Fáilte go háirithe roimh na daltaí nua atá ag foghlaim Gaeilge don chéad am nó ag teacht tar éis an Ghaeilge a fhoghlaim nuair a bhí siad óg.

Bhí an 12ú Daonscoil againn i mí Eanáir agus bhíomar an-shásta mar bhí timpeall seachtó duine i láthair.

Read about Kate's trip to Ireland on page 3

Buíochas speisialta d'ár gcuairteoirí ó Éirinn – Adrian Ó Brádaigh (Ua bhFáilí) agus Heidi Ní Dhomhnaill (Dún na nGall). Rinne siad jab an-mhaith ag múineadh ag gach leibhéal. Buíochas chomh maith d'ár múinteoirí eile – Doireann de Faoite, Bearnaí Ó Doibhilin(Canberra), Stu Traill, Eamon Ó Neachtain, Una de Neefe agus Gail Hermanis (Adelaide). Bhí córas nua i bhfeidhm agus bhí seans ag gach éinne gramadach, comhrá, léamh agus scríobh a dhéanamh.

Ár mbuíochas freisin leis na daoine a bhí ag múineadh "Roghanna"– Pamaladh Uí Néill (Sean Ghaeilge), Nóirín Uí Chatháin (amhránaíocht), Bearnaí (Drámaíocht), Adrian (Feadóg), Jacqui Uí Chléirigh (rince) agus Marie Brouder agus Máire McBride ó Chomhaltas Ceolteoirí a rinne ceardlann rince seiteanna an chéad oíche.

Táimid faoi chomaoin ag an tAthair Micheál a léigh an tAifreann dúinn gach lá. Thar aon ní eile tá ard mholadh tuillte ag coiste an Chumainn agus na baill a chabhraigh leo as ucht an sár obair a rinne siad chun an Daonscoil seo a eagrú. Ní bhíonn tairbhe gan trioblóid.

I measc na h-imeachtaí a bheidh ar siúl i mí Márta beidh an tAifreann Ghaeilge, Lá le Comhaltas Ceolteoirí agus ar ndóigh Lá Fhéile Pádraig. Beidh Scoil Gheimridh ar siúl i mí Meitheamh i Sydney freisin. Tá súil againn go mbeidh Lá na bPáistí i mí Bealtaine chomh maith. Beidh tuilleadh eolais faoi seo le fáil sa chéad eagrán eile agus ar an idirlín.

Cáit Ní Mhúdaigh, Uachtarán

www.gaeilgesanastrail.com

San Eagrán Seo..

Cuairteoirí Éirimiúla ó Éirinn 1

An Téamh Domhanda 2

Mo Thuras go hÉirinn 3

Readers' ads 3

Litreacha don Chumann 4

This Drowning is Dreaming 5

Nuachtlitir nua le fáil 5

An Líonra Sóisialta 6

Key dates for March and April 6

Daonscoil 2007 — stories from the frontline 7

An Téamh Domhanda

An cheist is mó atá i mbéil na ndaoine i láthair na húaire ná an 'téamh domhanda'. Ach cad is brí leis an bhfrása seo? Is frása nuachumtha é ar ndóigh. Ciallaíonn sé go bhfuil an domhan seo againne ag éirí níos teo gach bliain, go bhfuil na farraigí ag dul in aoirde de réir a chéile agus muna mbeimid go léir múchta leis an teas beimid ag teitheadh roimh an taoide i gceann scór nó dhá scór bliain. An bhfhéadfadh é sin a bheith fíor? Má tá, cá bhfuil an fhianaise, agus cé hiad na daoine atá á dtabhairt? Cén fá go bhfuil rud mar sin ag dó na geirbe ag an rialtas i mbliana agus gan aird ar bith á thógaint acu air roimhe sin?

Ar ndóigh, tá dhá insint ar an scéal:

Deirtear ar thaobh amháin go bhfuil staitisticí na haimsire á bhailiú le breis agus céad blian anuas agus ní féidir iad a shéanadh. Fógraítear go bhfuil téamh domhanda ag tárlú, gan aon agó. Ní hiad na 'Glasaigh' amháin atá ag tabhairt tacaíochta don taobh seo anois ach tromlach de eolaithe na timpeallachta a bhí páirteach sa chruinniú mór i Kyoto le déanaí, an cruinniú as a dtagann an '*Kyoto Protocol*'.

De réir mar a thuigeann an dream úd an scéal, tá An Astráil agus tíortha eile sa 'Chéad Domhan' ag déanamh scrios ar an *ozone layer* le droch-gáis áirithe. Sin iad na 'carbon emissions', a thagann ó thionscal agus ón dtráchtáil. Maidir le na droch-gáis céanna, ní bheag an díobháil a dhéanann na gluaisteáin príobháideacha ach an oiread. Toisc na fianaise uile, dar le lucht tacaíochta an argóint seo, níl aon leathscéal ag rialtas na hAstráile anois gan iarracht a dhéanamh stad a chuir leis an méid gás a scaoiltear isteach san atmaisféar.

Ach tá taobh eile ann [taobh na sceipteach b'fhéidir] a deireann gurb é príomhchúis an raic atá ar siúil ná an dúil atá ag na meáin chomarsáide i ndíospóid. Agus d'fhéadfadh díospóireacht mar seo leanúint gan freagra sásúil ar feadh b'fhéidir leathchéad blian eile. Anuas ar sin, dar leis an lucht amhrasach, beidh Toghchán againn níos déanaí sa bhliain agus tá cúrsaí eacnamaíochta ag dul ar aghaidh chomh maith san nach bhfuil ábhar mór conspóide ann níos mó idir na páirtithe móra polaitiochta.

Dá bhrí sin cuireadh i leith na polaiteoirí nach bhfuil ach 'an timpeallacht' agus 'téamh domhanda' agus a leithéid fágtha leo mar cnámh spairne. Bíonn an aimsir de shíor ag athrú a deirtear, agus beidh go deo.

Cuimhnigh go raibh Aois na nDíonasár ann ar feadh tamaill fhada nuair a bhí an domhan i bhfad ní ba theo ná mar atá sé anois. Tar éis sin tháinig an Oighear-Aois inar mhair an cine daonna i bplúaiseanna gan rian de na háiseanna teicneolaíochta acu agus atá againn sa lá atá inniu ann, agus mar sin de. Sin an Nádúr duit, a dhuine!

Will the Connemara landscape survive global warming ?

Bíonn an argóint á phlé mar sin thuas sna meáin agus timpeall na tíre. I ndeireadh na dála táimid ag braith ar na saineolaithe, iad siúd a chaitheann a saol ag déanamh stuidéar ar chúrsaí aimsire agus an timpeallacht. Nach fuath le eolaithe agus daoine sa saol acadúil, a hainmneacha a chuir le páipéir nó prótocol ar bith atá bréagach?

D'fhéadfá a rá gur cúis leo ceist na timpeallachta a bheith ann mar gheibheann siad carn mór airgid chun taighde a dhéanamh uirthi ó bhliain go bliain, agus gan amhras a mbeathaí a thuilleamh as. Ach nach féidir a chuir ina leith go bhfuil an taobh eile ag fáil tuarastail deasa ó comhluchtaí idirnáisiúnta chun chuir i gcoinne Kyoto?

Ní féidir liom é seo a críochnú gan focal scoir: Má tá an ceart ag lucht diúltaithe ní tharloidh tada, agus i gcionn 20-30 bliain beidh saineolaithe na timpeallachta ina gceap magaidh ós comhair an domhain. Ach muna bhfuil an ceart acu beidh muintir Port Melbourne agus St Kilda faoi uisce. D'fhéadfadh muintir Springvale nó Langwarrin a bheith ag díol suíomhanna cois farraige ar phraiseanna deasa.

Criostóir Ó Maonaigh

Mo Thuras go hÉirinn

Thug mé an cuntas seo ag an Daonscoil i mí Eanáir faoi mo thuras go hÉirinn anuraidh.

"Cén fath go bhfuil tú ag dul go dtí an Ghaeltacht chun Gaeilge a fhoglaim?

Sin é an ceist a cuireadh orm nuair a chuala mo ghaolta i mBaile Áth Cliath go raibh mé ag freastal ar chúrsa Gaeilge i nGleann Cholm Cille i gContae Dún na nGall anuraidh "Is amadán tú!" a dúirt siad.

D'fhreastal mé ar an gcúrsa ar feadh coicíse i mí Lúnasa agus bhain mé aoibhneas is sult as an tréimhse a chaith mé ann. Bhí ionadh ar dhaoine nuair a chuala siad go raibh Astrálach ag foghlaim an Ghaeilge agus fiú go raibh Gaeilgeoirí ina gcónaí san Astráil. Ba mhó an t-ionadh a bhí orthu nuair a chuala siad go raibh ranganna agus gníomhachtaí eile tríd an Ghaeilge ar siúl anseo chomh maith.

Bhí na cúrsaí ar siúl in Ionad Oideas Gael. Bhí an clár cosúil leis an gclár a bhíonn ag Daonscoil Victoria. Bhí ranganna teanga gach lá óna deich a chlog go dtí a haon. Bhí sos againn ansin go dtí a trí a chlog nuair a bhí rang eile a lean go ceathrú tar éis a cúig.

Gach tráthnóna bhí céilí, amhránaíocht, filíocht nó béaloideas. Oíche amháin bhí ceolchoirm le muintir na h-áite. Gach oíche bhí seisiún sna tithe tábhairne sa sráidbhaile. Bhí deis ag na daltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh le muintir na h-áite agus lena chéile.

Rinneamar a lán cleachtaí agus rudaí difriúla – mar shampla gramadach …an t-alt, briathra – aimsir fháistineach, modh coinníollach, aimsir chaite, an aidiacht, tuiseal ginideach, uatha, iolra, baininscneach, firinscneach, nathanna cainte…..agus chomh maith le sin scéalta agus comhrá.

Cúrsa den scoth a bhí ann. Bhuail mé lena lán daoine de gach sórt as na ceithre hairde – Iodáil, Nua Eabhrac, Sasana agus tuaisceart na hÉireann. Táim i dteagmháil le cuid acu fós.

Bhain mé tairbhe mór as an gcúrsa agus ba dhúshlán mór dom é ag an am céanna. Molaim d'éinne a bhfuil suim aige nó aici sa teanga seal a chaitheamh i nGleann Colm Cille.

Cáit Ní Mhúdaigh

To place your free advert in our next issue, send it via email to feedback@gaeilgesanastrail.com and put 'for nuachtlitir' in the subject line

****

Le díol - For sale

Learning Irish (complete self study course) by Mícheál Ó Siabhail, published by Yale University Press

Contains book and 4 tapes all in excellent original condition

$25

See Stu in level 3

Le díol - For sale

Teach Yourself Irish published by Hodder & Stoughton.

Has been re-bound. Contains book and tape and will also throw in pocket dictionary and pronunciation book/tape set plus verb glance card all for $15

See Stu in level 3

Readers' ads

(for sale & wanted)

All items listed should carry an accurate description, as well as the asking price and your contact details.

Unfortunately we cannot advertise copies of Books, CDs, Tapes, or DVDs— all such articles offered for sale here must be originals only.

Le díol - For sale

Progress In Irish by Mairead Ni Ghrada, published by an Gum

Contains 72 grammar lessons, highly recommended by our teachers

Spare copy— brand new and unused $18

See Gerry in level 3

Litreacha don Chumann

From: "Anthony Cummins" <anthonygcummins@gmail.com>

To: feedback@gaeilgesanastrail.com

CC: "Maebh Ni Fhalluin" <eolas@rnl106.com>
Subject: Anthony Cummins Raidio na Life Blea Cliath
Date: Fri, 8 Dec 2006 10:00:58 +0000

A dhuine Uasail

Chonaic me do shuiomh idirlin nuair a bhi me ag lorg suiomh faoin nuachtan Gaelach "Saol". Taimse im' laithreoir ar clar Ceol Domhanda anseo i mBlea Cliath le Raidio na Life. Staisiun raidio pobail lan-Ghaelach ata ann. Is feidir eist beo leis ar www.rnl106.com

Feach ar an suiomh agus mas maith leat cur riomhpost chuig na bainisteoir Maebh Ni Fhalluin (eolas@rnl106.com).

le gach dea-ghui
Anthony Cummins
Raidio na Life
7 Cearnog Mhuirfean
Baile Atha Cliath 2
Eire
tel + (353) 1 661 6333

From: "Caitriona Ni Bhaoill" <cloiar@iol.ie>

To: <feedback@gaeilgesanastrail.com>
Subject: Clo Iar-Chonnachta Irish Book publishers
Date: Wed, 15 Nov 2006 12:24:58 -0000

A Chara,

We have a website which may be of interest to visitors to your site.

www.cic.ie is the site and I attach an ad we have which you could add to your site if you wish. We have a website which has our full catalogue available for purchase on it, including many publications for learners. We are also a traditional Irish music label and CDs are available on site too. I hope you will add our website to the section on media.

Beir bua, Caitríona

Caitriona Ni Bhaoill
Oifigeach Margaiochta / Marketing

Clo Iar-Chonnachta
Indreabhan, Conamara
Co. na Gaillimhe
Eire / Ireland

t + 353 91 593 307
f + 353 91 593 362

Students in Australia looking to purchase the textbooks Progress in Irish or Buntus Cainte vols 1-3 complete with audio CD's will find them available at CIC along with a wide range of dictionaries and other material, and next time you're in Galway do pop in and say hello to Caitríona - ed

"this Drowning is Dreaming"– new local CD

Saoi's debut album, "this Drowning is Dreaming" is an intimate, heartfelt collaboration between two unique artists from vastly different musical backgrounds.

Former Underground Lover, Philippa Nihill has teamed up with Gaelic singer Paula Kehoe to produce an album sung in two languages - Irish Gaelic and English.

"this Drowning is Dreaming" is haunting and unique - lifting as it does, the ancient art of Sean Nos (unaccompanied singing) into the 21st century, and merging two different singing styles, voices and languages.

Recorded between Nihill's digital studio and Richard Andrews' (Pharmacy Records) analogue nirvana, "this Drowning is Dreaming" shines light on two beautiful female voices and two unique songwriters.

The result is a conversation between voices floating on and around sparse musical accompaniment. Joined live by Rosie Westbrook on double bass (Sean Kelly, Mick Harvey) and Julitha Ryan on keyboards (Silver Ray, Mick Harvey) "this Drowning is Dreaming" delivers unequivocally on the promise of a magical debut album.

Mixed by long time collaborator Tim Whitten, "this Drowning is Dreaming" was released in Australia in Dec 2006

saoi (pronounce "see")

This Drowning is Dreaming (Saoi CD001)

Distributed in Australia by MGM

Contact details—

Andrew McCubbin 0414 267 957

http://www.saoi.com.au

A new bi-lingual journal for those working in the education sector is available from the National Council for Curriculum and assessment in Ireland.

Highly recommended for our teachers here and interstate.

info@ncca.ie is free of charge and extra copies are available from…where else but

www.ncca.ie

An Líonra Sóisialta — le fáil mar mp3 podcast !

Radio listeners across Ireland joined internet users worldwide recently, as they tuned in to the first episode of a new series focusing on the social aspects of the internet.

It's the first time an Irish radio series has been devoted exclusively to the phenomenon of "online social networking", of which the best known example in recent months has been Bebo. What's more: all 59 episodes of the show will be in Irish.

The programme is called An Líonra Sóisialta, which translates to The Social Network. It will broadcast a 12 minute episode each day for 12 weeks.
So far, 7 Irish radio stations have confirmed that they will broadcast the show and its producer believes several more will join over the next few weeks as the series gathers steam.

Thanks to the internet, however, the show will be available to anyone who wants to hear it, anywhere in the world. An Líonra Sóisialta will also be a "podcast" – a downloadable MP3 sound file that users can listen to on their PC, or copy to a mobile device to enjoy at their convenience.

The new series is the brainchild of independent producer Conn Ó Muíneacháin from Ennis, County Clare. After a successful career in local radio, he gave up broadcasting for the computer industry. 10 years later, he sees the two fields converging as technology has put the media into the hands of anyone who has access to the internet.

Conn will co-present the show with Fiona Ní Chéirín, a native of An Spidéal, Co. Galway, and a recent graduate of the multimedia degree programme at Tipperary Institute. The series has been provisionally approved for funding under the "Sound and Vision" scheme operated by the Broadcasting Commission of Ireland.

The 7 radio stations which have confirmed their participation in An Líonra Sóisialta are:

- **Flirt FM** in Galway,
- **Raidio na Life** in Dublin,
- **Ocean FM** (Sligo, North Leitrim, South Donegal),
- **Clare FM**
- **KCLR** (Kilkenny and Carlow),
- **Wired FM** in Limerick, and
- **Raidio Fáilte**, Belfast's new Irish language station. *(see story in our previous issue, and check the internet for details of the stations' own websites- ed)*

Key Dates for March and April

4th March Irish Language Mass
17th March Saint Patrick's Day
17th March Comhaltas family céilí
25th March Comhaltas cultural day
25th March National Day at GAA
27th March last class of term 1
17th April teachers' meeting
24th April first class of term 2

******

Daonscoil 2007 — stories from the frontline

Bhí Rohan Walker agus Risteard Ó Súilleabháin i láthair ag an Daonscoil don chéad uair i mbliana. De réir dealraimh chuaigh an scoil i bhfeidhm orthu.

My first Daonscoil was an unforgettable experience. It was intensive and well organised but also extremely enjoyable. As well as the formal lessons in reading and writing, grammar and conversation, our immersion in the Irish language was enhanced by the electives, especially the singing classes.

There were also several group activities cleverly designed to make us concentrate on every word spoken in Irish by the more advanced speakers: the nightly Nuacht, Díospóireacht, Drámaíocht, Tráth na gCéist agus an Cheolchoirm.

All participants were inspired by the example set in the Nuacht on Monday night to maintain the running gag: "choimeád mé mo bhéal dúnta," in spite of the fact that it could not have been further from the truth! Many of the first timers showed their enthusiasm by dancing and singing into the wee hours but still turning up for the first class next morning. Congratulations to the organizers !

Very many thanks to all involved in organising and running the 12th Daonscoil at Lady Nothcote Camp. The accommodation and food was much better than the name "Camp" would suggest. We were four to a room in double bunks that were very comfortable. The bathrooms were clean and the showers hot. Each house had its own common sitting area which we used for classes. The day's lessons were divided into three, starting with reading and writing with Barney, followed by Grammar with Stu and conversation with Eamonn. We then had our activity which for me was singing with Nóirín.

After dinner came the craic followed by a céilí that was always still going strong when I went to bed at 11.30. How they managed to get up at seven for Mass the next day I don't know. Having had less than a year's lessons I wasn't sure that I was ready for anything so adventurous but it was the best thing I could have done. With such expert tuition, the useful handouts and surrounded by native speakers it has given my Irish a terrific boost. My advice to anyone who missed it is to put off anything else and join us there next year.

D'fhreastal mé ar Daonscoil Victoria i mbliana don chéad uair agus fanfaidh an chuimhne im' aigne go deo. Bhí clár fairsing i gceist agus é eagraithe go beacht. Chomh maith leis na ceachtanna foirmiúla sa léitheoireacht, scríbhneoireacht, gramadach agus comhrá chuir na ranganna gur teideal "Rogha" go mór leis an t-eolas, go h-áirithe na ranganna amhránaíochta. Bhí a lán gníomhachtaí grúpa ceaptha chun ár n-aird a dhíriú ar gach focal a labhair na Gaeilgeoirí líofa, mar shampla, an Nuacht gach oíche, Díospóireacht, Drámaíocht, Tráth na gCeist agus dréachtaí na Ceolchoirme. Bhíomar uilig tógtha leis an ráiteas a tugadh sa nuacht oíche Dé Luain – "choimeád mé mo bhéal dúnta" – rud a bhí mar ábhar grinn againn i rith na seachtaine cé nár leanamar é mar chomhairle ar chor ar bith! Léirigh na "Rookies" loinne a ndíograise le damhsa agus amhránaíocht go breacadh an lae, agus fós bhíodar i láthair ag an gcéad rang gach maidin. A lucht eagraithe na Daonscoile, dhein sibh éacht. Tréaslaím libh é!

Risteard Ó Súilleabháin

Míle buíochas dos na daoine a d'eagraigh an 12ú Daonscoil ag Lady Northcote Camp. Bhí an lóistín agus an bia i bhfad níos fearr ná mar a bheifeá ag súil leis i "gCampa". Bhí ceathrar i ngach seomra ina raibh dhá leaba dhá stór a bhí ana chompórdach. Bhí na seomraí folctha glan agus an t-uisce te. Bhaineamar úsáid as an seomra suite a bhí i ngach teach le haghaidh na ranganna. Bhí ceachtanna an lae roinnte i dtrí chuid , ag tosnú le léamh agus scríobh le Bearnaí, gramadach le Stu agus comhrá le Eamonn. Roghnaigh mé amhránaíocht le Nóirín as na gníomhachtaí a bhí le fáil. Bhí an craic againn i ndiaidh an dinnéir, chomh maith le céilí a bhí fós ar siúl agus mé ag dul a codhladh ag 11.30 gach oíche. Ní thuigim conas ar éirigh siad le haghaidh Aifrinn ar a seacht an mhaidin dár gcionn. Cé nach raibh mé ag freastal ar ranganna fiú ar feadh bliana, agus amhras orm go raibh mé réidh d'aon rud comh dúshlánach dob é an rud ab fhearr a d'fhéadfainn a dhéanamh. Le múinteoireacht den chéad scoth, na bileoga eolais a bhí cabhrach agus comhluadar na gcainteoirí dúchasa neartaíodh go mór mo chuid Gaeilge.

Sé mo chomhairle d'éinne nach raibh i láthair, cuir gach rud ar athló agus bí linn an bhliain seo chugainn. – Rohan Walker

Cumann Gaeilge na hAstráile

Cumann Gaeilge na hAstráile Teo

Éarlamh: Máire Mhic Ghiolla Íosa

IRISH LANGUAGE ASSOCIATION

OF AUSTRALIA INC.

Patron: Mary McAleese, President of Ireland

Tá mo scian agus forc caillte agam !

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a non-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment. Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in occasional social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

Annual Membership Application

or notification of change of address, telephone number, mobile, email.

☐ New Membership ☐ Renewal ☐ Update

Sloinne .....
(surname)

Céad ainm .....
(first name)

Seoladh .....
(address)

.....

Guthán (bh) .....
(phone)

(ah) .....

Fón póca .....
(mobile)

Ríomhphost .....
(email)

Membership fee is $30 per annum and due each January. Class fee is $3 per week.